# TCI - Teilifís Ciorcaid Iata

# Treoir don chleachtas is fearr

Doiciméad treorach do chórais TCI i scoileanna/ionaid/oifigí riaracháin.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh in éineacht le Beartas TCI BOOLM agus Fógra Príobháideachta TCI.

**Leagan 2.0 Bealtaine 2023**

## Clár ábhair


1. MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ (MTCS) ..... 4

2. FÍRINNIÚ LE HÚSÁID TCI ..... 4

3. SUÍOMH NA GCEAMARAÍ TCI ..... 5

4. FAIREACHAS FAOI CHEILT ..... 5

5. FÓGRA AGUS COMHARTHAÍOCHT ..... 6

6. BAINISTÍOCHT, RIALÚ AGUS ROCHTAIN ..... 7

7. IARRATAIS ÓN NGARDA SÍOCHÁNA ..... 8

8. CUIDEACHTAÍ TCI/SLÁNDÁLA ..... 9

9. CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ ..... 9

AGUISÍN 1: SAINMHÍNITHE ..... 10

AGUISÍN 3: NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAIS AR PHÍOSAÍ SCANNÁIN TCI ÓN NGARDA SÍOCHÁNA A BHAINISTIÚ ..... 13

AGUISÍN 4: TÉACS TEIMPLÉAD LE DUL LEIS AN BPÍOSA SCANNÁIN A EISÍODH ..... 14

AGUISÍN 5: TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ ..... 15

AGUISÍN 6: BILEOG RIALAITHE LE HAGHAIDH ROCHTAIN AR TCI ..... 20

AGUISÍN 7: FOIRM IARRATAIS AR THAIFEADADH TCI FAOI CHEILT ..... 21

AGUISÍN 8: AITHEANTAS UIMHIRPHLÁTAÍ UATHOIBRITHE (AUU) ..... 23


# Réamhrá

Cuireadh an doiciméad seo le chéile chun treoir a thabhairt do Scoileanna/Coláistí/Ionaid agus Oifigí Riaracháin maidir le suiteáil agus bainistiú córas TCI. Tá comhairle ann maidir le suíomhanna oiriúnacha a roghnú do cheamaraí agus maidir le slándáil agus bainistiú TCI. Leagtar béim ar leith ar a thábhachtaí atá sé Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a dhéanamh sula suiteálfar aon chóras nó ceamara TCI atá beartaithe, nó sula ndéanfar aon leasuithe suntasacha ar chórais TCI atá ann cheana féin.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar le:

- Beartas TCI de chuid BOOLM
- Beartas Próiseála Sonraí BOOLM

Ní mór aon chóras TCI a úsáid ar bhealach gairmiúil, eiticiúil agus dleathach. Ní féidir tús a chur le haon úsáid a bhaintear as TCI chun críocha ar bith eile seachas na cinn atá leagtha amach i mBeartas TCI nó i Ráiteas Príobháideachta TCI an Bhoird Bainistíochta agus Rialtais Áitiúil ach amháin má tá bunús dlí soiléir agus fónta ann, arna thacú ag Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) roimh ré, agus/nó má tá oibleagáid dhlíthiúil shoiléir ann.

Tá an doiciméad seo ceaptha a bheith ina dhoiciméad treorach ginearálta amháin agus tá sé faoi réir athrú. Téigh i gcomhairle le d’Oifigeach Cosanta Sonraí i gcónaí má tá tú ag smaoineamh ar shuiteáil, leasú nó uasghrádú ar chóras nó ar threalamh TCI.

# 1. Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS)

Tagraíonn an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí don cheanglas éigeantach maidir le MTCS:

> *"I gcás* ***gur dócha go mbeidh riosca ard do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha****, mar thoradh ar chineál próiseála áirithe a úsáideann teicneolaíochtaí nua, déanfaidh an rialaitheoir, roimh an bpróiseáil, measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála atá beartaithe ar chosaint sonraí pearsanta."*

Meastar go ngabhann 'ardriosca' le córais TCI, go háirithe ar an ábhar go bhféadfadh cur isteach míréasúnta agus neamhdhleathach a bheith i gceist leo ar chearta cosanta sonraí agus ar chearta príobháideachais daoine aonair, agus ar a saoirse chun iad féin a iompar go nádúrtha mura ndéantar iad a shuiteáil agus a bhainistiú go cúramach. Tá sé éigeantach mar sin MTCS a dhéanamh ar gach suiteáil: is é an t-am cuí chun é sin a dhéanamh ná sula bhfaightear córas nua TCI, roimh shuiteáil ceamara(í) breise, nó sula n-uasghrádaítear córais a thugann isteach feidhmeanna breise a d'fhéadfadh cur isteach ar cheart daoine chun príobháideachta ar bhealaí gan choinne nó go mbeidh 'leathnú feidhme' (úsáid chun críocha nua nach raibh pleanáilte ar dtús) i gceis leis. Is samplaí d'fheidhmeanna dá leithéid:

- Rianú uathoibríoch (ceamaraí ag brath agus ag leanúint gluaiseachta)
- Taifeadadh fuaime
- Peanáil, claonadh, zúmáil agus ceamaraí lánléargais a bhfuil cumas amhairc acu
- Aitheantas uimhirphlátaí uathoibrithe (AUPU) agus aithint aghaidhe
- Cianfhaireachán, ar líne nó trí chuideachta slándála lasmuigh den láthair, mar shampla.

Níl an liosta seo uileghabhálach mar a bheifeá ag súil leis, toisc go bhfuil forbairtí teicneolaíochta agus gnéithe nua ag teacht chun cinn i gcónaí.

Maidir le córais TCI atá ann cheana féin, ní mór athbhreithnithe tréimhsiúla, lena n-áirítear MTCS, a dhéanamh freisin.

Tá teimpléad MTCS san áireamh in Aguisín 5 den doiciméad seo.

# 2. Fírinniú le húsáid TCI

Níor cheart sonraí pearsanta a bhailiú ar an mbonn "ar eagla na heagla" ach sa chás go bhfuil cuspóir sainaitheanta i gceist. Mar sin, ní mór go mbeidh BOOLM in ann suiteáil córas TCI agus ceamaraí ar aon áitreabh BOOLM a chosaint, agus iad a shuiteáil sa chás go ndearnadh breithniú ar bhearta eile nach bhfuil chomh fiafraitheach sin. Tugann an MTCS dá dtagraítear thuas agus in áiteanna eile sa cháipéis seo cúnamh mionsonraithe do BOOLM féachaint le measúnú agus léiriú cé acu atá nó nach bhfuil údar maith le TCI a úsáid.

## 3. Suíomh na gCeamaraí TCI

Ní mór ceamaraí TCI a shuíomh san áit is lú a chuirfidh isteach ar na daoine a úsáideann an foirgneamh agus a thailte. Bheadh sé deacair cosaint a dhéanamh ar cheamaraí a lonnú i limistéir ina mbeadh ionchas réasúnta príobháideachta ag daoine aonair m.sh. seomraí ranga, áiseanna gléasta, leithris. Má tá aon amhras ort faoi cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh ceamara cearta príobháideachais duine i mbaol, téigh i gcomhairle le d'Oifigeach Cosanta Sonraí roimh ré.

Ba cheart ceamaraí seachtracha a shuíomh sa chaoi is go seachnófar nó go laghdófar an taifeadadh ar dhaoine atá ag dul thar bhráid nó atá ar réadmhaoin phríobháideach in aice láimhe. Níor cheart do na ceamaraí TCI ach íomhánna a ghabháil laistigh d'imlíne áitribh BOO.

**D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i samplaí de shuiteáil TCI:**

- **Cosaint Foirgnimh agus réadmhaoin na Scoile/an Choláiste/an Ionaid Oideachais & Riaracháin -**Imlíne foirgnimh, bealaí isteach agus bealaí amach, forhallaí agus conairí, limistéir stórála speisialta, seomraí freastalaí, láithreacha airgeadóra, limistéir glactha earraí/seirbhísí, pointí rochtana dín (go háirithe ar áitribh ilstóir) agus aon limistéir a mheastar a ngabhann ardriosca leo ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta de.

- **Imscrúdú ar ghníomhachtú Aláraim,** aláram, rialtáin doirse éalaithe, aláraim sheachtracha agus/nó pointí rochtana srianta.

- **Monatóireacht ar réimsí seachtracha sonracha:** limistéir pháirceála, príomh-gheataí isteach/amach, Rialú Tráchta, tailte, botháin rothair.

- **Cosaint Coisithe -** gníomhaíocht coisithe agus feithiclí laistigh den imlíne.

Is liosta neamh-uileghabhálach é seo. Caithfidh na láithreacha a roghnaítear a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí ceadaithe atá liostaithe sa Bheartas TCI.

## 4. Faireachas faoi Cheilt

Ní mór faireachas ceilte (i.e., nuair nach eol don ábhar sonraí go bhfuil sé á scannánú) a chur i bhfeidhm i gcásanna fíor-eisceachtúla amháin, chun críocha cionta tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh. Mar sin ní féidir é a dhéanamh gan rannpháirtíocht ghníomhach roimh ré ón nGarda Síochána nó ó údarás ionchúisimh eile.

I gcás go n-iarrann An Garda Síochána faireachas faoi cheilt a dhéanamh ar áitribh BOOLM, féadfaidh go mbeidh toiliú Breithimh a bheith ag teastáil dá leithéid d'fhaireachas ceilte a dhéanamh. Dá réir sin, ba cheart aon iarratas den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn agus lorgóidh BOOLM comhairle dlí de réir mar is gá. (Féach Aguisín 7 don fhoirm iarratais).

## 5. Fógra agus Comharthaíocht

Tá daoine ar ábhar do na sonraí iad i dteideal foláireamh cothrom a fháil go bhfuil TCI i bhfeidhm ar aon láithreán BOOLM. Ba cheart go leanfaidh sé seo cur chuige ilchisealach, san ord seo a leanas:

1. **Comharthaí TCI** – ní mór an comhartha in Aguisín 2 thíos a thaispeáint go feiceálach mar seo a leanas:

   <u>Comharthaíocht sheachtrach</u>
   Ní mór comharthaí seachtracha a bheith ar taispeáint go feiceálach ag geataí imlíne áitribh BOO, agus ag aon bhealach isteach eile chuig an láithreán. Ba chóir go dtabharfaidh an comhartha foláireamh imleor do chuairteoirí ionchasacha go bhfuil siad ar tí dul isteach i limistéar a ndéanann TCI monatóireacht air. Ba chóir comharthaíocht a chur ar aon doras isteach chuig an áitreabh freisin.

   <u>Comharthaíocht Inmheánach</u>
   Cuirfear comharthaí in airde ar an taobh istigh i ngach áitreabh i gcóngaracht na háite a bhfuil ceamaraí TCI suite agus ag gach bealach amach chuig limistéir lasmuigh atá faoi réir taifeadadh freisin, chun a chur in iúl do dhaoine go bhfuil TCI i bhfeidhm sa limistéar sin.

2. **Fógra Príobháideachta TCI** (féach Aguisín an Pholasaí TCI) – le taispeáint ag pointe sroichte an fhoirgnimh, m.sh. ag an bhfáiltiú.

3. An **Beartas TCI** – le bheith ar fáil mar nasc sa chomharthaíocht agus san Fhógra Príobháideachta (míreanna 1. & 2. thuas), nó ar iarratas ón scoil/ionad nó trí ríomhphost a sheoladh chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí.

## 6. Bainistíocht, Rialú agus Rochtain

Ní mór an córas TCI - scáileáin monatóireachta, rialtáin chórais agus tiomántán crua an chórais - a choinneáil i suíomh slán. Ní mór rochtain ar an limistéar seo a bheith teoranta do dhaoine údaraithe amháin m.sh., Príomhoide/Bainisteoir/Comhordaitheoir, na Gardaí, conraitheoirí TCI tríú páirtí faofa. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le hinfhaighteacht fhorleathan ar ghutháin le ceamaraí, rud a chiallaíonn go bhféadfaí cóipeanna a dhéanamh go héasca gan chead. Ba cheart comharthaí a chuireann cosc ar scannánú den sórt sin a thabhairt san áireamh.

Ba cheart an limistéar a chur faoi ghlas nuair nach bhfuil pearsanra údaraithe ann. Nuair atá sé ar fáil, ba cheart rochtain ar an gcóras a chosaint le pasfhocal/UAP, agus pasfhocal/UAP uathúil a eisiúint do gach úsáideoir. Ní mór rochtain a chúlghairm go pras má scoireann an ball foirne as an eagraíocht.

Go ginearálta, níor cheart TCI a úsáid mar uirlis faireacháin bheo neamh-idirdhealaitheach, ach amháin má chuirtear ábhar ar leith faoi bhráid na bainistíochta a dteastaíonn monatóireacht agus imscrúdú breise dá leithéid ina leith m.sh. tuairiscí ar iompar frithshóisialta leanúnach in áit ar leith, amhras réasúnach faoi ghoid. Sa chás go dteastaíonn gníomhaíocht bhreise nó idirghabháil ón mbainistíocht le faireachán den sórt sin, ba cheart sonraí faoi seo a choinneáil i log a fhéadfaidh a mbeidh gá leis a chur ar fáil i gcás Iarratas Rochtana Ábhar Sonraí, nó mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla, nó maidir le héileamh árachais, ach go príomha chun a thaispeáint go raibh faireachán den sórt sin comhréireach agus inchosanta.

I gcúinsí ábhartha, féadfar píosaí scannáin TCI a roinnt nó a aistriú chuig comhlachtaí/gníomhaireachtaí áirithe eile nuair is gá do BOOLM é sin a dhéanamh. Is féidir liosta neamh-uileghabhálach de na faighteoirí sin a fháil i mBeartas TCI BOOLM faoin gceannteideal “Faighteoirí Taifeadtaí TCI.” Má tá aon amhras ort faoi cé acu is féidir píosaí scannáin a roinnt nó nach féidir, téigh i gcomhairle le d’Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) roimh ré.

Faoin RGCS, tá sé de cheart ag daoine aonair cóip a iarraidh d’aon sonraí pearsanta atá á gcoinneáil nó á n-úsáid ar aon bhealach ag BOOLM – Iarratas Rochtana Ábhar Sonraí mar a thugtar air. Cuimhnigh nach mór freagra a thabhairt ar iarratais den sórt sin laistigh de mhí amháin agus gur chóir an OCS a chur ar an eolas fúthu a luaithe a fhaightear iad. Scrúdóidh an OCS an t-iarratas, agus tabharfaidh sé comhairle maidir le haon chéimeanna breise, m.sh., an ceanglas maidir le picteilíniú an scannáin chun scaoileadh íomhánna d'aon tríú páirtí a chosc.

Is é 30 lá an uastréimhse choinneála a mholtar do phíosa scannáin TCI. Tá tréimhse níos giorra ceadaithe más gá, ach níor cheart píosaí scannáin a choinneáil ar feadh níos faide ná 30 lá, ach amháin má tá sé riachtanach mar chuid d’imscrúdú leanúnach nó d'Iarratas Rochtana Ábhar Sonraí nó d'iarratas ón nGarda Síochána.

# 7. Iarratais ón nGarda Síochána

Ó am go chéile, féadfaidh an Garda Síochána dul i dteagmháil le BOOLM má chreideann siad go bhféadfadh píosaí scannáin TCI a bheith ina gcuidiú le himscrúdú.

Má dhéanann siad a n-iarratas ar an nguthán nó go pearsanta, ba chóir a chur in iúl dóibh nach mór an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn agus a chur ar aghaidh láithreach chuig dataprotection@lmetb.ie.

Má fhaigheann scoil/ionad iarratas ar rochtain sonraí ó bhall den Gharda Síochána, cinntigh na nithe seo a leanas le do thoil:

- ✓ Is gá don iarratas a bheith i bhfoirm scríofa ar pháipéar oifigiúil ceannchlóite ón nGarda Síochána - is féidir leis teacht sa phost nó mar cheangaltán ríomhphoist,
- ✓ Ní mór d'Oifigeach Cosanta Sonraí a chur ar an eolas maidir leis an iarratas láithreach,
- ✓ Caithfidh go gcuirtear in iúl ar an iarratas go bhfuil sé chun cion coiriúil a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh,
- ✓ Caithfidh go luaitear ar an iarratas go bhfuil sé á dhéanamh de bhun alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018,
- ✓ Caithfidh an t-iarratas a bheith sínithe ag Garda a bhfuil grád Ceannfoirt nó grád níos airde aige,
- ✓ Is gá don Gharda a dhéanann an t-iarratas a ainm agus a uimhir shuaitheantais a sholáthar san iarratas,
- ✓ Ní mór uimhir PULSE an imscrúdaithe a lua ar an iarratas.

Rachfaidh an oifig cosanta sonraí i dteagmháil leis an scoil/ionad leis an iarratas a phlé agus le treoir a thabhairt.
Agus tú ag freagairt, cuir litir chlúdaigh leis na sonraí atá á gcur ar fáil - bain úsáid as an teimpléad in Aguisín 4 thíos.

I ngach cás, ba cheart aon phíosa scannáin a nochtar a theorannú don mhéid atá riachtanach agus comhréireach sna himthosca. Is ceist bhreithiúnais é seo agus is minic a bhíonn sé deacair a chinneadh. Mar shampla, ní bheadh sé comhréireach i gcónaí ábhar seachtaine a scaoileadh mura mbaineann an t-imscrúdú ach le tréimhse 30 nóiméad.

Iarr comhairle ón Oifig um Chosaint Sonraí i gcónaí má tá amhras ort.

***<u>Alt 41 den Acht um Chosaint Sonraí 2018</u>***

*"Gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta chun críche seachas an chríoch ar bailíodh na sonraí chuige atá dleathach faoin Rialachán um Chosaint Sonraí, beidh próiseáil sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta chun críche seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí dleathach a mhéid atá an phróiseáil sin riachtanach agus comhréireach chun na gcríoch sin*

*a) chun bagairt ar shlándáil náisiúnta, ar chosaint nó ar shábháilteacht an phobail a chosc*

*b) chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó*

*c) atá leagtha amach i mír (a) nó (b) d'alt 47."*

## 8. Cuideachtaí TCI/Slándála

Féadfaidh BOO cinneadh a dhéanamh conraitheoir nó gairmí a fhostú a shuiteálann, a dhéanann monatóireacht, nó a sholáthraíonn cothabháil ar chóras TCI. Féadfaidh a gcuid seirbhísí síneadh a chur le hasbhaint físeáin, le hathchóiriú físeáin, le picteilíniú, le cianfhaireachán agus le seirbhísí eile.

Is dócha go ndéanfar aon soláthraí dá leithéid a úsáideann BOOLM chun na críche seo a aicmiú mar phróiseálaí sonraí má tá rochtain aige ar íomhánna taifeadta daoine aonair, agus beidh air ráthaíocht a thabhairt go bhfuil bearta slándála cuí i bhfeidhm chun cosc a chur ar aon rochtain neamhúdaraithe, ar athrú, ar nochtadh nó ar scriosadh aon sonraí (íomhánna) BOOLM a fhéadfaidh sé a rochtain nó a láimhseáil. Ní mór soláthraithe a chur ar an eolas freisin faoina n-oibleagáidí cosanta sonraí agus na sonraí á bpróiseáil acu, lena n-áirítear a ndualgas tacú le cruinneas na sonraí trí ardchaighdeáin theicniúla a bhaint amach agus a chothabháil sna híomhánna a tháirgtear. Caithfidh soláthraithe agus a bhfoireann a bheith faoi cheangal ag diandhualgas gach píosa scannáin a choinneáil faoi rún. Chun cabhrú leis na bearta seo a chur i bhfeidhm, éilítear go mbeidh Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm ag BOOLM le haon ghnó TCI dá leithéid. Déan teagmháil le do OCS le do thoil. Is féidir leis na socruithe riachtanacha a dhéanamh.

Is é an tÚdarás Slándála Príobháidí (ÚSP) an comhlacht reachtúil atá freagrach as ceadúnú agus rialú a dhéanamh ar thionscal na slándála príobháidí in Éirinn. Cé nach ceanglas cosanta sonraí é, ní mór do chonraitheoir ar bith a shuiteálann, a chothaíonn, a dheisíonn nó a sheirbhísíonn córais TCI mar chuid de ghnó, de thrádáil nó de ghairm ceadúnas ÚSP a bheith aige. Baineann ceadúnú le córais TCI a úsáidtear go hiomlán nó go páirteach chun críocha slándála.

## 9. Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú

| | |
|---|---|
| Uimhir Thagartha an Doiciméid | Treoir maidir le TCI |
| Uimhir Athbhreithnithe | 002 |
| Doiciméad arna Athbhreithniú ag | BOOÉ PS agus an Fóram um Shaoráil Faisnéise |
| Dáta Athbhreithnithe | Bealtaine 2023 |
| Dáta Chur i bhFeidhm Bunaidh an Bheartais (Leagan 1) | Bealtaine 2018 |
| Dátaí Athbhreithnithe Roimhe Seo | N/B |
| An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile | Bealtaine 2025 |

# Aguisín 1: Sainmhínithe

**TCI** – Is éard is Teilifís Chiorcaid Iata ann ná úsáid a bhaint as físcheamaraí chun íomhánna a ghabháil agus a thaifeadadh go leictreonach ar téip, DVD, nó meicníocht taifeadta digiteach.

**Sonraí** – faisnéis i bhfoirm is féidir a phróiseáil go leictreonach nó de láimh. Is sonraí pearsanta iad píosaí scannáin nó íomhánna ina bhfuil daoine inaitheanta arna ngabháil ag córais TCI chun críocha an dlí um chosaint sonraí.

**Iarratas Rochtana Sonraí (Ábhar).** (nó IRSA nó IRS) – nuair a chuireann ábhar sonraí iarratas chuig BOOLM chun a chuid sonraí pearsanta a nochtadh de réir a cheart faoin Dlí um Chosaint Sonraí.

**Rialaitheoir Sonraí** – duine nó eagraíocht a rialaíonn inneachar agus úsáid sonraí pearsanta. Chun críocha an doiciméid treoraigh seo, is rialaitheoir sonraí é BOOLM.

**Próiseáil Sonraí**– aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéanamh ar shonraí, lena n-áirítear:

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choinneáil
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú
- Na sonraí a aisghabháil, dul i gcomhairle leo nó iad a úsáid
- Na sonraí a nochtadh trí iad a tharchur, a scaipeadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile
- Na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhlocáil, a scriosadh nó a dhíothú

**Próiseálaí Sonraí**– duine nó eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann rialtóra sonraí

**Ábhar Sonraí** – duine aonair ar ábhar do na sonraí pearsanta é, m.sh. aon duine a thaifeadtar le córas TCI

**MTCS** – ceanglas éigeantach faoin RGCS é Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí do gach córas próiseála sonraí ardriosca, agus is dócha go mbeidh TCI mar cheann acu.

**RGCS** – tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta san AE, a leagann amach oibleagáidí níos forleithne atá ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe sonraí, agus a sholáthraíonn cosaintí neartaithe d'ábhair sonraí. In Éirinn, is é **an tAcht um Chosaint Sonraí 2018** an dlí náisiúnta a thugann éifeacht bhreise don RGCS.

**Sonraí Pearsanta** – Sonraí a bhaineann le duine beo atá nó ar féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí, nó ar dócha go dtiocfaidh sé le bheith ina sheilbh.

Appendix 2: CCTV SIGNAGE **Insert School/Centre/logo**



# RABHADH

## CEAMARAÍ TCI I BHFEIDHM

Tá an córas seo á rialú ag <Name>School/Centre agus BOOLM agus á fheidhmiú chun na críocha seo a leanas: iompar frithshóisialta, bulaíocht agus coireacht a chosc; ar mhaithe le sábháilteacht na foirne, na ndaltaí agus na gcuairteoirí; ar mhaithe le slándáil agus cosaint BOOLM agus a mhaoin; chun críocha fíoraithe agus réitigh díospóidí, go háirithe in imthosca ina bhfuil díospóid ann maidir le fíorais agus ina bhféadfadh na taifeadtaí a bheith in ann an díospóid sin a réiteach, agus; a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus beartais BOOLM maidir le sláinte agus sábháilteacht, slándáil, iompar agus smacht.

Beidh an córas seo i bhfeidhm 24 uair sa lá, gach lá. Más gá, is féidir taifeadtaí a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus/nó ár gcomhairleoirí dlí/árachóirí.

Le heolas iomlán a fháil faoi chuspóirí agus úsáidí taifeadtaí, féach le do thoil ar Pholasaí TCI BOOLM agus Fógra Príobháideachta TCI ag www.lmetb.ie

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi oibriú an chórais seo, déan teagmháil le **NAME AND CONTACT DETAILS OF PERSON RESPONSIBLE FOR MANAGING CCTV SYSTEM AT THAT LOCATION**

*Cé go ndéantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil ár gcóras TCI agus ár gceamaraí ag feidhmiú i gceart, ní féidir aon ráthaíocht a thabhairt maidir le hinfhaighteacht nó cáilíocht aon taifeadta nó maidir leis an taifeadadh a bheith ann.*

Insert School/Centre/logo



# WARNING

## CCTV CAMERAS IN OPERATION

This system is controlled by <Name>School/Centre and LMETB and operated by for the following purposes: preventing anti-social behaviour, bullying and crime; for the safety of staff, students and visitors; for the security and protection of LMETB and its property; for verification and dispute resolution purposes, particularly in circumstances where there is a dispute as to facts and the recordings may be capable of resolving that dispute, and; to ensure compliance with LMETB's rules and policies on health and safety, security, behaviour and discipline.

This system will be in operation 24 hours a day, every day. If necessary, recordings may be passed to An Garda Síochána and/or our legal advisors/insurers.

For full information about purposes and uses of recordings, please see LMETB CCTV Policy and CCTV Privacy Notice at www.lmetb.ie

For more information about the operation of this system, contact **NAME AND CONTACT DETAILS OF PERSON RESPONSIBLE FOR MANAGING CCTV SYSTEM AT THAT LOCATION**

*While every effort is made to ensure our CCTV system and cameras are working properly, no guarantee can be given as to the existence, availability or quality of any recording.*

## Aguisín 3: Nós imeachta chun iarratais ar phíosaí scannáin TCI ón nGarda Síochána a bhainistiú

1505297502090_PastedImage

# Iarratais ar Phíosaí Scannáin TCI ón nGarda Síochána - Nós Imeachta

Má fhaigheann scoil/ionad iarratas ar phíosa scannáin TCI ó bhall den Gharda Síochána cinntigh na nithe seo a leanas le do thoil:

- ✓ Is gá don iarratas a bheith i bhfoirm scríofa ar pháipéar oifigiúil ceannchlóite ón nGarda Síochána - is féidir leis teacht sa phost nó mar cheangaltán ríomhphoist,
- ✓ Ní mór d'Oifigeach Cosanta Sonraí a chur ar an eolas maidir leis an iarratas láithreach,
- ✓ Caithfidh go gcuirtear in iúl ar an iarratas go bhfuil sé chun cion coiriúil a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh,
- ✓ Caithfidh go luaitear ar an iarratas go bhfuil sé á dhéanamh de bhun alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018,
- ✓ Caithfidh an t-iarratas a bheith sínithe ag Garda a bhfuil grád Ceannfoirt nó grád níos airde aige,
- ✓ Is gá don Gharda a dhéanann an t-iarratas a ainm agus a uimhir shuaitheantais a sholáthar san iarratas,
- ✓ Ní mór uimhir PULSE an imscrúdaithe a lua ar an iarratas.

Seol an t-iarratas ar aghaidh chuig dataprotection@lmetb.ie gan mhoill.

Rachfaidh an oifig cosanta sonraí i dteagmháil leis an scoil/ionad leis an iarratas a phlé agus le treoir a thabhairt.

Ba chóir gan a thabhairt amach ach an t-íosmhéid sonraí is gá agus níor cheart sonraí nach bhfuil riachtanach ná oiriúnach don iarratas a thabhairt.

## Aguisín 4: Téacs teimpléad le dul leis an bpíosa scannáin a eisíodh

Páipéar Ceannteidil Scoile/Ionad

DÁTA

AINM
SEOLADH

**<u>Maidir le: Iarratas ar shonraí de bhun Alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018</u>**.

A XXXXXXX a chara,

Tagraím do litir/ríomhphostdar dáta DÁTA a fuarthas ar DÁTA ag iarraidh sonraí atá i seilbh AINM NA SCOILE/LÁRIONAD. Freagraím anois go foirmiúil inniu, DÁTA. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as foighne a bheith agat i leith an phróisis seo. Bhain d'iarratas leis na hábhair seo a leanas:
[CÓIPEÁÍL AN FHOCLAÍOCHT]

Is féidir liom a dhearbhú duit gur bhain an próiseas seo le haisghabháil UIMHIR taifead atá uimhrithe agus ceangailte agam.

Is mian liom a dhearbhú go ndearna AINM SCOILE/LÁRIONAD gach rud is féidir a dhéanamh agus atá reasúnta chun d’iarratas ar shonraí, a próiseáladh faoi Alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, a chomhlíonadh.

Is mise le meas,

________________________________________

Ainm an Phríomhoide/Leas-phríomhoide/Comhordaitheora,
AINM SCOILE/LÁRIONAD

## Aguisín 5: Teimpléad le haghaidh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí TCI

| Ainm na Scoile/Lárionad: | | Dáta MTCS: | | MTCS arna dhéanamh ag: | |
|---|---|---|---|---|---|

| Ainm na Cuideachta Suiteála: | | Uimhir Cheadúnais ÚSP: | | Dáta Éaga an Cheadúnais: | |
|---|---|---|---|---|---|

Ba cheart an measúnú seo a chomhlánú roimh gach suiteáil nua, suiteálacha ceamara/crua-earraí breise, feidhmiúlacht nua a chur le córais atá ann cheana, e.g. ANPR; agus d'aon athbhreithniú tréimhsiúil faoi threoir Oifigeach Cosanta Sonraí BOOLM.

**Tabhair faoi deara:**

- **Ní dhéanann ceamaraí caocha/ceamaraí neamhoibríocha taifead ar ábhair sonraí, agus mar sin de bharr nach ndéantar próiseáil ar shonraí, ní thagann siad faoi raon feidhme na treorach seo.**
- **Nuair is gá, ba chóir don chonraitheoir TCI cabhrú leis an MTCS seo a chur i gcrích agus aon fhaisnéis riachtanach a sholáthar.**
- **Tagraíonn na Nótaí Treorach i ngach cuid thíos do na príomhnithe atá le cur san áireamh, ach ceadaigh, le do thoil, an doiciméad TCI BOOLM - Treoir don dea-chleachtas le haghaidh tuilleadh cúnaimh.**

| Uimh: | ÚDAR | FREAGRA |
|---|---|---|
| 1. | Cad é an cuspóir atá leis an gceamara/na ceamaraí TCI atá beartaithe a shuiteáil? | |

*Nótaí Treorach, Ceist 1:*

- *Cad iad na saincheisteanna/fadhbanna a n-úsáidfear na híomhánna chun aghaidh a thabhairt orthu (mar shampla: An bhfuil an córas riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas práinneach, amhail sábháilteacht na foirne agus na mac léinn agus/nó cosc na coireachta, seachas rud éigin ficseanúil nó atá bunaithe ar thuairimíocht?)*
- *Cén bonn fianaise atá ann don cheist/don fhadhb seo? (Déan tagairt d'aon fhianaise atá ar taifead, m.sh., loga de theagmhais shlándála/iompraíochta, timpistí/neasteagmhais, taifid ghearáin, suirbhéanna srl) – d'fhéadfadh go mbeadh gá é seo a bhailiú thar thréimhse mar thaca le húdar a thabhairt do shuiteáil TCI.*
- *An bhfuil údar maith le suiteáil an chórais TCI seo agus/nó le ceamaraí breise a chur leis agus/nó le ceamaraí reatha a athlonnú sna cúinsí atá ann, i bhfianaise na gceisteanna a tugadh faoi deara?*

| Uimh: | ÚDAR | FREAGRA |
|---|---|---|
| 2. | An gcloíonn an cuspóir leis na forais atá ceadaithe le haghaidh suiteáil mar atá leagtha amach i mBeartas TCI agus i mBeartas Próiseála Sonraí BOOLM agus TCI BOOLM – Treoir don dea-chleachtas? | |

*Nótaí Treorach, Ceist 2:*

<table>
<tr><td colspan="3"><ul><li>Féach ar TCI BOOLM - Treoir don dea-chleachtas, Beartas TCI agus Beartas Próiseála Sonraí, le haghaidh tuilleadh faisnéise.</li></ul></td></tr>
<tr><td>3.</td><td>An bhféadfadh modhanna nó réitigh eile nach bhfuil chomh fiafraitheach an cuspóir céanna a bhaint amach?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 3:<ul><li>An bhféadfadh réitigh eile nach gcuirfidh isteach ar phríobháideachas, amhail soilsiú feabhsaithe, slándáil imlíne (glas, fuinneoga, doras, fálú), patróil slándála, maoir geataí nó monatóireacht neamhleanúnach na cuspóirí céanna a bhaint amach?</li><li>An bhféadfadh maoirseacht fheabhsaithe sa réimse ar leith an ceanglas maidir le húsáid TCI a chealú?</li><li>An gcealódh péint/dromchla frith-graifítí an gá atá le TCI a shuiteáil?</li></ul></td></tr>
<tr><td>4.</td><td>An bhfuil an moladh ceamara(í) TCI a shuiteáil ag teacht le moladh ó sholáthraí Árachais BOOLM?</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimh:</td><td>SUÍOMH NA gCEAMARAÍ</td><td>FREAGRA</td></tr>
<tr><td>5.</td><td>An gcloíonn suí(o)mh an cheamara nó na gceamaraí TCI seachtracha leis na treoirlínte a eisíodh i mBeartas TCI agus Treoir BOOLM don dea-chleachtas maidir le suíomh an cheamara/na gceamaraí laistigh d'imlíne an champais?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 5:<ul><li>An bhfuil údar maith le ceamaraí seachtracha sna cúinsí atá ann?</li><li>An cur chuige tomhaiste é ceamaraí seachtracha a shuiteáil maidir leis an bhfadhb atá i gceist?</li><li>Más rud é go gclúdaíonn cuid de cheamara(í) limistéar poiblí, agus nach féidir uillinn/fócas an cheamara a choigeartú chun é sin a sheachaint, an féidir úsáid a bhaint as cumhdach/clúdach íomhá (bac fisiciúil ar chuid den lionsa)?</li><li>Murar féidir cur isteach i limistéar poiblí a íoslaghdú, liostaigh na fáthanna le do thoil.</li><li>I gcás nach féidir an riosca a bhaineann le híomhánna mionsonraithe a ghabháil de mhaoin chomharsanachta nó de dhaoine atá ag dul thart a mhaolú, ní mór dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun tuilleadh treorach a fháil.</li></ul></td></tr>
<tr><td>6.</td><td>An gcomhlíonann na láithreacha inmheánacha atá beartaithe do cheamara(í) na treoirlínte a eisíodh i mBeartas agus Treoir TCI BOO don dea-chleachtas maidir le suímh do cheamaraí inmheánacha?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 6:<ul><li>An bhfuil údar maith le ceamaraí inmheánacha sna cúinsí atá ann?</li><li>An cur chuige tomhaiste iad ceamaraí inmheánacha maidir leis an bhfadhb a bhfuil siad deartha chun déileáil léi?</li><li>An gcuirfidh ceamaraí isteach ar chearta príobháideachta daoine aonair, go háirithe i limistéir ina bhfuil ionchas réasúnta agus méadaithe maidir le príobháideacht (m.sh., ag an obair, ag foghlaim, nó sna leithris, i seomraí feistis, i seomraí ranga, i seomraí foirne, sna ceaintíní, in oifigí, etc.</li><li>Murar féidir cur isteach sna réimsí sin a íoslaghdú, liostaigh na fáthanna, le do thoil, le fianaise mar chúltaca (m.sh. tuarascálacha teagmhais, suirbhéanna, etc).</li><li>Má tá gnéithe breise ag an gcóras agus ag a chuid ceamaraí (m.sh. an cumas rothlú, peanáil, claonadh, zúmáil, etc.) an mbeidh sé seo sonraithe go soiléir sa pholasaí TCI?</li><li>I gcás nach féidir an riosca a bhaineann le híomhánna CCTV a ghabháil sna réimsí sin a sheachaint ná a mhaolú, ba cheart breithniú dáiríre a dhéanamh ar gan dul ar aghaidh leis an tsuiteáil agus ar mhodhanna féideartha eile chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach. Má tá cúis a bhfuil údar maith leis leis an bhfáth ar cheart dul ar aghaidh le suiteáil an cheamara d'ainneoin riosca ard soiléir don phríobháideacht, ní mór dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí le haghaidh tuilleadh treorach.</li></ul></td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>7.</td><td>Ar cuireadh áitritheoirí an fhoirgnimh (foireann, mic léinn) ar an eolas faoi na láithreacha molta / faoi athlonnú ceamaraí TCI, le deis a thabhairt dóibh aiseolas agus moltaí a thabhairt nó le haon ábhar imní a chur in iúl?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 7:<ul><li>Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht an bhfuil an fhoireann agus na mic léinn ar an eolas faoi na fáthanna a ndéanfar taifead orthu? Conas a rinneadh é seo?</li><li>Ar cuireadh tuairimí na foirne agus na mac léinn maidir le suíomh ceamaraí san áireamh?</li><li>Ar cuireadh in iúl dóibh go bhfuil sé beartaithe na híomhánna a úsáid chun na críocha a luaitear amháin? Ar cuireadh in iúl dóibh nach bhfuil aon mhonatóireacht faoi cheilt ar an bhfoireann nó ar na mic léinn ceadaithe?</li></ul></td></tr>
<tr><td>8.</td><td>Ar breithníodh an suíomh do Chomharthaíocht TCI cuí, agus le haird ar an gceart atá ag mic léinn, baill foirne, cuairteoirí agus páirtithe leasmhara a bheith curtha ar an eolas faoi láithreacht agus oibriú an chórais TCI?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 8:<ul><li>Ar sainaithníodh láithreacha cuí comharthaíochta, m.sh., ag bhealaí isteach chuig an bhfoirgneamh agus ag teorainneacha suímh na réadmhaoine agus gar do limistéar a bheidh na ceamaraí i bhfeidhm go ginearálta?</li><li>Ar sainaithníodh láithreacha cuí do chomharthaíocht inmheánach, i.e., gar do shuíomh gach limistéir a ndéanann ceamaraí monatóireacht orthu?</li><li>An gcloíonn na comharthaí molta leis an teimpléad comharthaíochta sa doiciméad TCI BOOLM – Treoir don Dea-chleachtas, agus i nGaeilge agus i mBéarla?</li></ul></td></tr>
<tr><th>Uimh:</th><th>BAINISTÍOCHT, RIALÚ AGUS ROCHTAIN</th><th>FREAGRA</th></tr>
<tr><td>9.</td><td>An mbeidh gairmí nó gnólacht TCI/Slándála ag tacú le do chóras TCI?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 9:<ul><li>Ar dréachtaíodh Comhaontú Próiseála Sonraí (CPS) a leagann amach go soiléir dualgais an rialaitheora (BOO) agus an phróiseálaí (an duine gairmiúil/gnó) faoi seach?</li><li>An bhfuil ceadúnas bailí ag an ngairmí/gnólacht ón Údarás Slándála Príobháidí (ÚSP)?</li><li>Ar ndeacthas i gcomhairle leis an duine gairmiúil/gnó agus an MTCS seo á chur le chéile?</li></ul></td></tr>
<tr><td>10.</td><td>Cé a bheidh freagrach as an gcóras TCI sa scoil nó san ionad a bhainistiú ó lá go lá?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 10:<ul><li>Tabhair ainm agus sonraí teagmhála</li><li>Déan cinnte go luíonn an fhreagracht as bainistiú an chórais ar an líon íosta foirne, ar bhonn riachtanais – ach go leor chun clúdach a sholáthar i gcás asláithreachta.</li></ul></td></tr>
<tr><td>11.</td><td>Sainaithin na baill foirne a mbeidh rochtain údaraithe acu ar an gcóras TCI, agus/nó sonraí teagmhála na cuideachta bainistíochta TCI (má bhaineann).</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 11:<ul><li>Ainmnigh agus cuir sonraí teagmhála ar fáil do gach duine a bhfuil rochtain aige ar an gcóras TCI</li><li>Cinntiú go roinntear freagracht as rochtain don íoslíon foirne, ar bhonn riachtanais – ach go leor chun clúdach a sholáthar i gcás asláithreachta.</li></ul></td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>12.</td><td>Cuir in iúl le do thoil conas a dhéanfar athruithe ar leibhéil rochtana údaraithe a bhainistiú (tosaitheoirí agus daoine a fhágann).</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 12:<br>• Tabhair breac-chuntas le do thoil ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le cur le líon na ndaoine ceadaithe / cead a aistarraingt go pras m.sh. eochracha a chur sa seomra rialaithe TCI, rochtain UAP ar phainéal rialaithe TCI a athrú</td></tr>
<tr><td>13.</td><td>Má tá cianrochtain chun bheith ina gné den chóras, ní mór dul i dteagmháil leis an OSC agus/nó Tacaíocht TFC lena fháil amach an gceadaítear úsáid den sórt sin?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 13:<br>• Má tá an córas le rialú/monatóireacht ar líne trí aip nó suíomh Gréasáin, gan sreang nó go cianda ar bhealach eile, an ndéanfar é sin ar ghléas atá faofa ag BOO agus ar a bhfuil bearta slándála cuí, m.sh. criptiú, nuashonruithe rialta bogearraí, etc.?<br>• Má úsáidtear tríú páirtí, m.sh., gnólacht slándála, an bhfuil Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm (féach Ceist 9 thuas)?<br>• Déan teagmháil leis an OCS le treoir a fháil</td></tr>
<tr><td>14.</td><td>Conas a dhéantar rochtain a bhainistiú, a rialú agus a logáil i gcás teagmhais nó iarratas ar phíosa scannáin?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 14:<br>• Conas a dhéantar rochtain a bhainistiú, a rialú agus a logáil i gcás teagmhais nó iarratas ar phíosa scannáin?<br>• An mbaintear úsáid as Bileog Rialaithe Rochtana TCI chun gach uair a dhéantar rochtain ar phíosaí scannáin TCI a thaifeadadh?</td></tr>
<tr><td>15.</td><td>An mbeidh seomra/limistéar daingean ar fáil inar féidir scáileáin mhonatóireachta agus píosaí scannáin taifeadta a choinneáil, le haird air nach mór rochtain ar an seomra sin a theorannú?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 15:<br>• An gcoinnítear monatóirí an cheamara as radharc na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí?<br>• An bhfuil an seomra/na seomraí ina bhfuil na monatóirí ceamara agus an córas TCI faoi ghlas go daingean nuair nach bhfuiltear ag faire orthu?<br>• Ní mór rochtain ar an gcóras TCI a theorannú do phearsanra údaraithe amháin mar a leagtar amach in Beartas TCI BOOLM agus in TCI BOOLM – Treoir don Dea-chleachtas.</td></tr>
<tr><td>16.</td><td>Cad iad na prótacail atá i bhfeidhm, nó a chuirfear i bhfeidhm, le haghaidh iarratais ar íomhánna, agus iad a fhéachaint, a asbhaint agus/nó baint díobh?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Nótaí Treorach, Ceist 16:<br>• An bhfuil an tréimhse choinneála socraithe ar 30 lá ar a mhéad?<br>• Tá nós imeachta chun iarratais ar fhaisnéis ón nGarda Síochána a láimhseáil le fáil in TCI BOOLM– Treoir don Dea-chleachtas .<br>• An bhfuil nós imeachta i bhfeidhm chun déileáil le hiarratais ar rochtain ó ábhar sonraí a lorgaíonn cóip d’íomhánna a taifeadadh ar an gcóras TCI (laistigh den fhráma ama reachtúil de 30 lá)?<br>• Má tá asbhaint dhigiteach ar fáil, an bhfuil rochtain ag an scoil/ionad ar sheirbhísí picteilínithe nuair is gá páirtithe eile a taifeadadh a cheilt ar thaifeadtaí?<br>• Má tá asbhaint dhigiteach ar fáil ach neamh-inmharthana, is gá asbhaint de láimh a dhéanamh agus seat scáileáin ar íosráta d'fhráma amháin in aghaidh an tsoicind a chur ar fáil.</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | • *Má tá seirbhís phicteilínithe ar fáil, an bhfuil comhaontú próiseála sonraí i bhfeidhm le soláthraí na seirbhíse sin?* | |
| **Uimh:** | **FÓGRA** | **FREAGRA** |
| 17. | Conas a chuirfear in iúl do mhic léinn, don fhoireann, do chuairteoirí agus do pháirtithe leasmhara go bhfuil an córas TCI ann agus i bhfeidhm? | |
| | *Nótaí Treorach, Ceist 17:*<br>• *An gcuirfear comharthaí faofa Gaeilge agus Béarla sa limistéar cuí gar d'achar feidhme na gceamaraí? (Féach arís Ceist 8 thuas)*<br>• *An féidir an Fógra Príobháideachta TCI a chur in áit a mbeidh sé le feiceáil go héasca m.sh., ar chlár teachtaireachta ag an bhfáiltiú?*<br>• *An gcuirfidh an scoil/ionad polasaí TCI BOOL ar fáil go héasca ar iarratas m.sh., in áit áisiúil amhail 'Polasaithe' ar an suíomh gréasáin.* | |

***Seol an dréachtchóip chomhlánaithe seo ar ais, le do thoil, chuig d'Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) lena faomhadh chuig dataprotection@lmetb.ie**D'fhéadfadh go mbeidh fianaise/faisnéis bhreise ag teastáil sula gceadófar suiteáil***

## Aguisín 6: Bileog Rialaithe le haghaidh Rochtain ar TCI

Insert School/Centre/ logo

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Bileog Rialaithe le haghaidh Rochtain ar TCI

<table>
<tr><th colspan="4">SONRAÍ ROCHTANA</th></tr>
<tr><td>Dáta rochtana:</td><td></td><td>Rochtain ag (duine):</td><td></td></tr>
<tr><td>Am rochtana:</td><td></td><td>Rochtain ceadaithe ag (duine):</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">Cuspóir rochtana: ◯ Athbhreithniú inmheánach ◯ Iarratas ón nGarda Síochána ◯ Eile (Sonraigh le do thoil)………………………………………………..</td></tr>
<tr><th colspan="4">SONRAÍ CUARDAIGH AN TEAGMHAIS / NA hIMEACHTA</th></tr>
<tr><td>Dáta faoi chaibidil:</td><td></td><td>Tréimhse faoi chaibidil:</td><td></td></tr>
<tr><td>Uimhir an cheamara/na gceamaraí faoi chaibidil:</td><td></td><td>Suíomh/Suímh:</td><td></td></tr>
<tr><td>Cúis le rochtain a fháil ar phíosa scannáin:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cur síos ar a breathnaíodh:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><th colspan="4">GNÍOMHAÍOCHTAÍ PRÓISEÁLA SONRAÍ</th></tr>
<tr><td colspan="4">Ar baineadh sonraí agus/nó íomhánna agus/nó píosaí scannáin? ◯ Tá ◯ Níl</td></tr>
<tr><td colspan="4">Má baineadh, líon iomlán na gcomhad a baineadh:</td></tr>
<tr><td colspan="4">Comhaid asbhainte arna stóráil: ◯ Tiomántán Crua PC ◯ Dlúthdhiosca ◯ Bata Cuimhne Criptithe Eile (sonraigh)…………………………………….</td></tr>
<tr><td colspan="4">An gá íomhánna a baineadh a leasú? ◯ Tá ◯ Níl</td></tr>
<tr><td colspan="4">An ndearnadh cúltaca agus an bhfuil sé á choinneáil go sábháilte? ◯Tá ◯ Níl</td></tr>
</table>

| |
|---|
| Cé atá freagrach as na comhaid a baineadh? |
| Cé atá freagrach as na comhaid chúltaca? |

Síniú an Phríomhoide / Bhainisteoir an Ionaid: ………………………………………………………………
Dáta: ……………………………………

## Aguisín 7: Foirm Iarratais ar Thaifeadadh TCI faoi Cheilt

lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# oirm Iarratais ar Thaifeadadh TCI faoi Cheilt

<table>
<tr><th colspan="4">SONRAÍ AN IARRATASÓRA</th></tr>
<tr><td colspan="4"><u>Tabhair faoi deara:</u> <u>Ní mór:</u> d'aon iarratas ar fhaireachas ceilte a úsáid le trealamh TCI:<br>• go ndéanfaidh an Príomhoide nó an Bainisteoir an láthair ina bhfuil an faireachas ag teastáil, iarratas air, agus;<br>• go molfaidh Stiúrthóir na rannóige sin é, sula;<br>• gcuirtear é thar bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh le haghaidh cinneadh deiridh.<br>Ní mór faireachas ceilte (i.e., nuair nach eol don ábhar sonraí go bhfuil sé á scannánú) a chur i bhfeidhm i gcásanna fíor-eisceachtúla amháin, chun críocha cionta tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh. Mar sin ní féidir é a dhéanamh gan rannpháirtíocht ghníomhach roimh ré ón nGarda Síochána nó ó údarás ionchúisimh eile.</td></tr>
<tr><td>Ainm an Iarrthóra:</td><td></td><td>Post:</td><td></td></tr>
<tr><td>Dáta an Iarratais:</td><td></td><td>Suíomh beartaithe don Taifeadadh:</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">Cuspóir suiteála: ◯ Iarratas inmheánach (sonraigh thíos le do thoil)<br>◯ Iarratas ón nGarda Síochána (sonraigh thíos le do thoil nó cuir iarratas doiciméadach faoi iamh)</td></tr>
<tr><td>Dáta Suiteála Beartaithe:</td><td></td><td>Dáta Bainte Beartaithe:</td><td></td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="4">SONRAÍ AN CHUIDEACHTA SUITEÁLA</th></tr>
<tr><td>Cuideachta Suiteála:</td><td></td><td>Uimhir Cheadúnais ÚSP:</td><td></td></tr>
<tr><td>Ainm an Suiteálaí:</td><td></td><td>Dáta Éaga an Cheadúnais ÚSP:</td><td></td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="2">SONRAÍ TREALAMH AGUS CEAMARA</th></tr>
<tr><td>An gcuirfear ceamaraí molta leis an gcóras reatha?</td><td>◯ Tá ◯ Níl</td></tr>
<tr><td colspan="2">Má tá sé suiteáilte mar chóras nua/neamhspleách:<br>a) Cá mbeidh an córas monatóireachta/taifeadta seo lonnaithe?<br>b) Cé a mbeidh rochtain acu ar an trealamh? (sonraigh ainmneacha)<br>c) An ndéanfar cianmhonatóireacht ar an gcóras?<br>d) Má dhéantar monatóireacht chianda, cé a dhéanfaidh monatóireacht air agus cén fáth a bhfuil gá leis?</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suíomh Ceamara 1: | | Cineál/Cur Síos Ceamara 1: | |
| Réimse radhairc Ceamara 1: (Cad air a ndéanfaidh an gléas seo taifead?): | | | |
| Suíomh Ceamara 2: | | Cineál/Cur Síos Ceamara 2: | |
| Réimse radhairc Ceamara 2: (Cad air a ndéanfaidh an gléas seo taifead?): | | | |

| **SÍNITHE** | | | |
|---|---|---|---|
| Síniú an Phríomhoide / Bhainisteoir an Ionaid: | | Síniú an Stiúrthóra: | |

| **CINNEADH DEIRIDH** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratas: | ◯ Ceadaithe ◯ Diúltaithe | Síniú C.E: | | Dáta: | |

## Aguisín 8: Aitheantas Uimhirphlátaí Uathoibrithe (AUU)

Úsáidtear é seo go hiondúil ag fórsaí póilíneachta chun feithiclí inspéise a aithint, cuirtear é seo ar fáil anois mar ghné ar chórais TCI tráchtála agus baile freisin, mar bhealach chun cuairteoirí faofa a idirdhealú ó ionróirí.

Ní mór MTCS láidir a bheith ann roimh aon bhreithniú ar chóras dá leithéid. Ba cheart an liosta pointí seo a leanas nach bhfuil uileghabhálach a chur san áireamh freisin:

- Ní mór aon úsáid a bhaintear as córais aitheantais a bheith inchosanta agus comhréireach, dleathach, riachtanach, agus ní mór an méid sonraí arna ngabháil ag córas den sórt sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

- I gcás ina n-aithníonn córas feithicil neamhcheadaithe, ba cheart go mbeidh ionchur ó dhuine i gcónaí roimh aon chinneadh a dhéanamh a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar dhuine. I bhfocail eile, ba cheart don oibreoir formheasta imscrúdú a dhéanamh roimh aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh.

- Ba cheart don chóras ábhar a scriosadh go huathoibríoch tar éis tréimhse teoranta – ní chuireann sé seo isteach chomh mór sin ar an scannán taifeadta a athbhreithniú i gcónaí.

- Ní mór aon liosta nó bunachar sonraí a thiomsaítear chun críocha daoine aonair 'ceadaithe' a shainaithint, i.e., uimhreacha clárúcháin feithiclí atá ceadaithe tiomáint ar an áitreabh, a choinneáil cothrom le dáta agus cruinn, agus de cháilíocht imleor chun mímheaitseáil a chosc. Ní mór na critéir maidir leis na sonraí atá le cur ar liostaí den sórt sin a bheith soiléir, comhréireach agus coimeádta chomh híseal agus is féidir, agus rochtain theoranta ar bhonn fíor-riachtanais. Caithfidh oibreoirí nó córais atá cumasaithe ag ANPR a chinntiú go bhfuil na hacmhainní riaracháin riachtanacha acu chun tacú leis an riachtanas seo.

- Ní mór nós imeachta soiléir a bhunú maidir le cad a tharlaíonn nuair a shainaithníonn córas uimhir chláraithe neamhcheadaithe agus cloí leis, go háirithe chun idirdhealú a dhéanamh idir feithiclí ar ábhar imní iad agus feithiclí nach iad. Mar shampla, féadfaidh mac léinn nó ball foirne ceadaithe a ghluaisteán a fhágáil sa bhaile agus síob a fháil le tiománaí neamhcheadaithe.

- Baineann na tuairimí maidir le cáilíocht theicniúil agus cruinneas an chórais a rinneadh níos luaithe sa doiciméad seo leis an méid seo freisin: is féidir le droch-chaighdeán plátaí clárúcháin feithiclí a bheith ina gcúis le sonraí míchruinne.